Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16960/25**

**CYBER 389**
**JAI 1924**
**DATAPROTECT 345**
**TELECOM 485**
**MI 1075**
**CSC 693**
**CSCI 284**
**DELACT 198**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 8407 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 11.12.2025<br>lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na téarmaí agus na coinníollacha a shonrú maidir leis na forais chibearshlándála a chur i bhfeidhm i ndáil le moill a chur ar scaipeadh fógraí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 8407 final.

Faoi iamh: C(2025) 8407 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.12.2025
C(2025) 8407 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 11.12.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na téarmaí agus na coinníollacha a shonrú maidir leis na forais chibearshlándála a chur i bhfeidhm i ndáil le moill a chur ar scaipeadh fógraí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘an Gníomh um Chibear-Athléimneacht’), ceanglaítear ar mhonaróirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha fógra a thabhairt, trí ardán tuairiscithe aonair, faoi aon leochaileacht a shaothraítear go gníomhach nó faoi aon teagmhas tromchúiseach a bhfuil tionchar aige ar shlándáil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. De bhun Airteagal 16(2) den Rialachán sin, féadfaidh an fhoireann freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRT) arna hainmniú ag an mBallstát mar chomhordaitheoir a fhaigheann an fógra ar dtús, in imthosca eisceachtúla agus ar fhorais chibearshlándála a bhfuil údar leo, moill a chur ar scaipeadh an fhógra ar CSIRTanna na mBallstát eile i gcás inar cuireadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe leis an nGníomh Tarmligthe seo an Gníomh um Chibear-Athléimneacht a fhorlíonadh trí na téarmaí agus na coinníollacha a shonrú maidir leis na forais chibearshlándála a chur i bhfeidhm chun moill a chur ar scaipeadh fógraí. Déantar an méid sin trí thrí chineál cúise a shainaithint ar ina leith a fhéadfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús a chinneadh gur gá moill a chur ar scaipeadh breise ar CSIRTanna eile. Féadfar an cinneadh sin maidir le moill a chur ar scaipeadh fógraí a dhéanamh i dtrí imthoisc:

- i bhfianaise meastóireacht ar chineál na faisnéise faoina dtugtar fógra;
- mura bhfuil an CSIRT a fhaigheann an fógra in ann rúndacht na faisnéise sin a áirithiú;
- má cuireadh an t-ardán tuairiscithe aonair i mbaol nó mura bhfuil sé ag feidhmiú go sealadach.

Tá feidhm le bheith ag na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2024/2847 ón 11 Meán Fómhair 2026.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle le Gréasán CSIRTanna agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) maidir le dréachtaí éagsúla den ghníomh seo. Tionóladh réamhphlé in éineacht le treoircheisteanna an 26 Márta 2025, agus bhí deis ann ionchur i scríbhinn a thabhairt faoin 11 Aibreán 2025. Roinneadh an chéad dréacht den ghníomh seo le Gréasán CSIRT agus le ENISA an 16 Bealtaine 2025 agus tionóladh plé an 6 Meitheamh 2025, agus bhí deis ann ionchur i scríbhinn a thabhairt faoin 27 Meitheamh 2025. Roinneadh an dara dréacht den ghníomh le Gréasán CSIRTanna agus le ENISA an 23 Iúil 2025, agus bhí deis ann ionchur i scríbhinn a thabhairt faoin 1 Meán Fómhair 2025. Roinneadh an tríú dréacht den ghníomh le Gréasán CSIRTanna agus le ENISA an 25 Meán Fómhair 2025 agus tionóladh plé an 9 Deireadh Fómhair 2025, agus bhí deis ann ionchur i scríbhinn a thabhairt faoin 27 Deireadh Fómhair 2025.

Bhí an dréachtghníomh faoi réir comhairliúchán poiblí idir an 16 Deireadh Fómhair 2025 agus an 13 Samhain 2025, comhairliúchán a fuair 34 fhreagra ó 31 fhreagróir uathúla (agus é á chur san áireamh gur chuir an freagróir céanna aiseolas isteach trí 4 aighneacht éagsúla). As na freagraí sin, fuarthas 29,41 % ó chomhlachais ghnó, 26,47 % ó chuideachtaí/gnólachtaí,

17,65 % ó shaoránaigh an Aontais, 14,71 % ó údaráis phoiblí, 5,88 % ó eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), 5,88 % ó institiúidí acadúla/taighde[1].

An 22 Deireadh Fómhair, pléadh an dréacht freisin leis an nGrúpa Saineolaithe um Chibearshlándáil Táirgí ag a bhfuil Eilimintí Digiteacha (E03967), a bhfuil údaráis na mBallstát, ENISA, saineolaithe aonair arna gceapadh i gcáil phearsanta agus eagraíochtaí sa chiall is leithne (e.g. cuideachtaí, comhlachais, eagraíochtaí neamhrialtasacha) i measc a bhaill.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Déantar foráil maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi Airteagal 14(9) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún na téarmaí agus na coinníollacha a shonrú maidir leis na forais chibearshlándála a chur i bhfeidhm i ndáil le moill a chur ar scaipeadh fógraí faoin 11 Nollaig 2025.

[1] Ní chuirtear san áireamh sna céatadáin sin gur chuir an freagróir céanna aiseolas isteach trí 4 aighneacht éagsúla.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11.12.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na téarmaí agus na coinníollacha a shonrú maidir leis na forais chibearshlándála a chur i bhfeidhm i ndáil le moill a chur ar scaipeadh fógraí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht)[2], agus go háirithe Airteagal 14(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In imthosca eisceachtúla, agus, go háirithe, arna iarraidh sin don mhonaróir agus i bhfianaise leibhéal íogaireachta na faisnéise faoina dtugtar fógra, agus ar fhorais chibearshlándála a bhfuil údar leo, an fhoireann freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRT) atá ainmnithe mar comhordaitheoir a fhaigheann fógra ar dtús faoi leochaileacht a shaothraítear go gníomhach nó faoi theagmhas tromchúiseach a bhfuil tionchar aige ar shlándáil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha (‘an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús’), féadfaidh sí a chinneadh moill a chur ar feadh tréimhse a bhfuil géarghá léi ar scaipeadh an fhógra tríd an ardán tuairiscithe aonair ar na CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí, ar ar a gcríoch a léirigh an monaróir a chuireann an fógra isteach gur cuireadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil (‘na CSIRTanna ábhartha’). Dá bhrí sin, is gá na téarmaí agus na coinníollacha a leagan amach maidir leis na forais sin a chur i bhfeidhm. I gcás ina bhfuil feidhm ag na forais sin, ceadaítear don CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús moill a chur ar scaipeadh ar CSIRTanna ábhartha ar feadh tréimhse a bhfuil géarghá léi, ach ní cheanglaítear air é sin a dhéanamh. Faoi Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/2847, i gcás ina gcinneann CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús na forais sin a agairt, ba cheart dó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) a chur ar an eolas láithreach faoina chinneadh moill a chur ar an scaipeadh agus faoina chúiseanna leis sin, agus faoin uair atá sé beartaithe aige an fógra a scaipeadh a thuilleadh.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 16(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2024/2847, na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na forais chibearshlándála a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm, níl feidhm le bheith acu maidir le rochtain ENISA ar an bhfaisnéis faoina dtugtar fógra. Ní fhéadfar rochtain ENISA ar an bhfaisnéis faoina dtugtar fógra a shrianadh ach amháin in imthosca fíoreisceachtúla: i

[2] IO L, 2024/2847, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj.

gcás ina léireoidh an monaróir ina fhógra go gcomhlíontar ceann de na trí choinníoll dá dtagraítear in Airteagal 16(2), an tríú fomhír, pointí (a), (b) nó (c) de Rialachán (AE) 2024/2847, agus sa chás sin amháin i ndáil leis an bhfógra leochaileachta 72 uair an chloig dá dtagraítear in Airteagal 14(2), pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/2847. Sna cásanna sin, is í an fhaisnéis a bhfuil fógra tugtha ag monaróir ina leith; faisnéis ghinearálta faoin táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha; faisnéis faoi chineál ginearálta an tsaothraithe; agus an fhaisnéis gur agraíodh forais a bhaineann leis an tslándáil an t-aon fhaisnéis atá le cur ar fáil go comhuaineach do ENISA.

(3) Le rochtain ar an bhfaisnéis faoina dtugtar fógra, cuirtear ar a gcumas do CSIRTanna forléargas a fháil ar an timpeallacht slándála ina gcríoch agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, lena n-ardaítear leibhéal foriomlán na cibearshlándála san Aontas. Dá bhrí sin, níor cheart srianta breise ar scaipeadh fógraí i bhfianaise chineál na faisnéise a bhfuil fógra á thabhairt ina leith a bheith indéanta ach amháin i gcásanna, i bhfianaise íogaireacht na faisnéise faoina dtugtar fógra, inar mó na rioscaí cibearshlándála a eascraíonn as scaipeadh breise ná na tairbhí slándála don Aontas, agus nach féidir na rioscaí sin a mhaolú go leordhóthanach trí shrianta a chur ar láimhseáil agus ar chomhroinnt bhreise an fhógra trí phrótacail iomchuí atá in úsáid laistigh de Ghréasán CSIRTanna, amhail an Prótacal Soilse Tráchta nó an Prótacal maidir le Gníomhaíochtaí Ceadaithe. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás inar chuir monaróir in iúl don CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús go bhfuil coinne aige beart maolaithe (amhail paiste) a sholáthar go luath. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh freisin, nuair a chinneann an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús gan ach codanna d'fhógra a chomhroinnt, agus gur leor na codanna sin mar sin féin chun go n-áiritheoidh na CSIRTanna ábhartha go mbeidh siad in ann bearta maolaithe riosca leordhóthanacha a chur i bhfeidhm. Thairis sin, agus chun comhar a spreagadh maidir le sainaithint agus nochtadh leochaileachtaí idir monaróirí, CSIRTanna agus taighdeoirí slándála, d'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin nuair atá CSIRT ag gníomhú mar idirghabhálaí iontaofa le haghaidh nós imeachta leanúnach um nochtadh comhordaithe leochaileachtaí dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Sa chás sin, nuair a chinneann CSIRT moill a chur ar scaipeadh fógra, agus i gcomhréir le hAirteagal 16(6) de Rialachán (AE) 2024/2847, tá an CSIRT sin le moill a chur air ar feadh tréimhse nach faide ná mar is fíorghá agus go dtí go dtabharfaidh na páirtithe a bhfuil baint acu le nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí toiliú leis an nochtadh.

(4) Cuideoidh an fhaisnéis atá san fhógra le CSIRTanna a gcúraimí a chomhlíonadh i gcomhthéacs an mhaolaithe riosca agus na láimhseála teagmhas. Go hannamh, áfach, d'fhéadfadh faisnéis den sórt sin a bheith leordhóthanach chun go bhféadfaí teicníc dúshaothraithe a chruthú gan taighde breise, fiú ag gníomhaithe a bhfuil scileanna agus acmhainní teoranta acu. Dá mbeadh rochtain ag gníomhaithe mailíseacha ar an bhfaisnéis sin, d'imreofaí tionchar mór ar chibearshlándáil an Aontais, i bhfianaise éascaíocht an dúshaothraithe. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás nach bhfuil ach difríocht bheag idir an leagan leochaileach de phíosa bogearraí agus leaganacha neamhleochaileacha a bhí ann roimhe seo. Sna cásanna sin, má chreideann an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús nach féidir na rioscaí

[3] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lgh. 80–152).

cibearshlándála a eascraíonn as scaipeadh breise a mhaolú go leordhóthanach trí shrianta a chur ar láimhseáil agus ar chomhroinnt bhreise, féadfaidh sé a chinneadh moill a chur ar an scaipeadh go dtí go mbeidh beart maolaithe riosca éifeachtach ar fáil, amhail nuashonrú slándála nó treoir d'úsáideoirí.

(5) Mura bhfuil CSIRT ábhartha in ann an fhaisnéis faoina dtugtar fógra a chosaint go leordhóthanach, d'fhéadfadh gníomhaithe mailíseacha rochtain a fháil ar fhaisnéis íogair agus cód dúshaothrúcháin a chur i bhfeidhm ar fud an Mhargaidh Aonair. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil ábhair imní thromchúiseacha ann maidir le cumas CSIRT ábhartha rúndacht na faisnéise faoina dtugtar fógra a áirithiú, féadfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús a chinneadh moill a chur ar scaipeadh fógra ar an CSIRT ábhartha sin amháin go dtí go dtabharfar aghaidh ar na hábhair imní sin. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcásanna ina bhfuil CSIRT ábhartha buailte ag teagmhas cibearshlándála a dhéanann difear dá chumas oibriú go slán, nó i gcás ina bhfuil fianaise nó faisnéis ann gur braitheadh easnaimh mhóra i gcumais CSIRT, amhail srianta tromchúiseacha acmhainní lena gcuirtear i mbaol a chumas a fheidhmeanna a chomhlíonadh, nó spleáchas ar bhogearraí atá as dáta nó leochaileach.

(6) Chun cosc a chur ar ghníomhaithe mailíseacha rochtain a fháil ar fhaisnéis íogair, i gcás inar cuireadh i mbaol an t-ardán tuairiscithe aonair a bunaíodh faoi Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/2847 mar gheall ar theagmhas cibearshlándála, ba cheart don CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús moill a chur ar an scaipeadh tríd an ardán tuairiscithe aonair go dtí go n-athbhunófar cumas an ardáin rúndacht na faisnéise faoina dtugtar fógra a áirithiú.

(7) I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/2847, ní gá don CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús fógra a scaipeadh ar aon CSIRT ábhartha eile má thugann an monaróir le fios nach gcuirtear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ach ar mhargadh Bhallstát an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús.

(8) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus d'iarr sé tuairimí uathu agus an dréachtghníomh tarmligthe á ullmhú aige, agus chuaigh sé i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Chibearshlándáil Táirgí ag a bhfuil Gnéithe Digiteacha.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 14(9) de Rialachán (AE) 2024/2847, d'oibrigh an Coimisiún i ndlúthchomhar le Gréasán CSIRTanna arna bhunú de bhun Airteagal 15 de Threoir (AE) 2022/2555 agus le ENISA, agus an dréachtghníomh tarmligthe á ullmhú aige,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Sonraítear sa Rialachán seo na téarmaí agus na coinníollacha maidir leis na forais chibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/2847 a chur i bhfeidhm lena gcuirtear ar a chumas don CSIRT, atá ainmnithe mar chomhordaitheoir a fhaigheann fógra ar dtús i gcomhréir le hAirteagal 14(1) agus (3) agus Airteagal 15(1) agus (2) den Rialachán sin, moill a chur ar scaipeadh an fhógra ar na CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí ar ar a gcríoch a léirigh an monaróir gur cuireadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús' an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir a fhaigheann an fógra ar dtús i gcomhréir le hAirteagal 14(1) agus (3) agus Airteagal 15(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2024/2847;

(2) ciallaíonn 'CSIRT ábhartha' an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir ar ar a chríoch a léirigh an monaróir gur cuireadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil.

*Airteagal 3*

**Téarmaí agus coinníollacha maidir le forais chibearshlándála a chur i bhfeidhm a eascraíonn as cineál na faisnéise a thuairiscítear**

Féadfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús a chinneadh moill a chur ar scaipeadh fógraí nó codanna díobh ar CSIRTanna ábhartha ar feadh tréimhse atá teoranta don mhéid a bhfuil géarghá léi i gcásanna, i bhfianaise íogaireacht na faisnéise faoina dtugtar fógra, inar mó na rioscaí cibearshlándála a bhaineann leis an scaipeadh ná na tairbhí slándála a bhaineann leis agus nach féidir na rioscaí sin a mhaolú trí shrianta a chur ar láimhseáil ná ar chomhroinnt bhreise an fhógra trí phrótacail iomchuí, amhail an Prótacal Soilse Tráchta nó an Prótacal maidir le Gníomhaíochtaí Incheadaithe, agus i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) chuir an monaróir in iúl don CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús go bhfuil coinne aige go gcuirfear beart maolaithe riosca éifeachtach, amhail nuashonrú slándála nó treoir d'úsáideoirí, ar fáil laistigh de 72 uair an chloig; mura gcuirtear beart maolaithe riosca éifeachtach ar fáil laistigh den tréimhse sin, déanfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús an fógra a scaipeadh ar na CSIRTanna ábhartha;

(b) meastar gur leor an fhaisnéis atá san fhógra, i bhfianaise chineál na leochaileachta a shaothraítear go gníomhach faoina dtugtar fógra, chun teicníc saothraithe a chruthú, go háirithe nuair is féidir le gníomhaithe a bhfuil scileanna agus acmhainní teoranta acu an leochaileacht a shainaithint agus a shaothrú go héasca; nuair a bheidh beart maolaithe riosca éifeachtach ar fáil, amhail nuashonrú slándála nó treoir d'úsáideoirí, déanfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús an fógra a scaipeadh ar na CSIRTanna ábhartha;

(c) tá an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús in ann faisnéis leordhóthanach a chomhroinnt leis na CSIRTanna ábhartha chun a áirithiú gur féidir leis na CSIRTanna ábhartha bearta maolaithe riosca leordhóthanacha a chur i bhfeidhm; nuair a bheidh beart maolaithe riosca éifeachtach ar fáil, amhail nuashonrú slándála nó treoir d'úsáideoirí, déanfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús an fógra iomlán a scaipeadh ar na CSIRTanna ábhartha;

(d) an CSIRT a fhaigheann an fógra faoin leochaileacht a shaothraítear go gníomhach ar dtús, cuireadh ar an eolas é faoi sin mar chuid de nochtadh comhordaithe leochaileachtaí a bhfuil an CSIRT sin ag gníomhú mar idirghabhálaí iontaofa ina leith i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Threoir (AE) 2022/2555; sa chás sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 16(6) de Rialachán (AE) 2024/2847, déanfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús an fógra a scaipeadh ar na CSIRTanna ábhartha nuair

nach mbeidh géarghá a thuilleadh le moill agus nuair a thabharfaidh na páirtithe a bhfuil baint acu le nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí toiliú leis an nochtadh.

*Airteagal 4*

**Téarmaí agus coinníollacha maidir le forais chibearshlándála a chur i bhfeidhm i ndáil le CSIRT sonrach**

Féadfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús a chinneadh moill a chur ar feadh tréimhse a bhfuil géarghá léi ar scaipeadh fógraí nó codanna díobh ar CSIRT ábhartha sonrach sna cásanna seo a leanas:

(a) rinne teagmhas cibearshlándála difear don CSIRT ábhartha, rud a chaitheann amhras ar a chumas rúndacht na faisnéise faoina dtugtar fógra a áirithiú;

(b) tá cúis leordhóthanach aige chun a chreidiúint nach leor cumais an CSIRT ábhartha chun rúndacht na faisnéise faoina dtugtar fógra a áirithiú.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, féadfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús moill a chur ar an scaipeadh go dtí go gcuirfidh an CSIRT ábhartha in iúl do Ghréasán CSIRTanna dá dtagraítear in Airteagal 15 de Threoir 2022/2555 go bhfuil a chumas rúndacht na bhfógraí a áirithiú athbhunaithe.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír, féadfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús moill a chur ar an scaipeadh ar an CSIRT ábhartha go dtí go soláthróidh an CSIRT sin fianaise gur thug sé aghaidh ar na heasnaimh a sainaithníodh.

*Airteagal 5*

**Téarmaí agus coinníollacha maidir le forais chibearshlándála a chur i bhfeidhm i ndáil leis an ardán tuairiscithe aonair**

Féadfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús a chinneadh moill a chur ar scaipeadh fógraí tríd an ardán tuairiscithe aonair a bunaíodh le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/2847 i gcás inar chuir ENISA in iúl do Ghréasán CSIRTanna, i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Rialachán sin, go ndearna teagmhas cibearshlándála difear don ardán tuairiscithe aonair, rud a chaitheann amhras ar a chumas rúndacht na faisnéise faoina dtugtar fógra a áirithiú. Sna cásanna sin, féadfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús moill a chur ar an scaipeadh tríd an ardán tuairiscithe aonair go dtí go gcuirfidh ENISA in iúl do Ghréasán CSIRTanna go bhfuil cumas an ardáin rúndacht na bhfógraí a áirithiú athbhunaithe.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11.12.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*